FOIRM RÁITIS TACAÍOCHTA DON TIONSCNAMH Ó NA SAORÁNAIGH:[1]
Housing for All

1.Tá na sínitheoirí uile ar an bhfoirm seo ina gcónaitheoirí in: ÉIRE

2.Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin Eorpaigh: ECI(2019)000003 **3.Dáta clárúcháin:** 18/03/2019

4.Seoladh gréasáin an tionscnaimh bheartaithe seo ó na saoránaigh ar chlár an Choimisiúin Eorpaigh: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/initiatives/ongoing/details/2019/000003

5.Teideal an tionscnaimh bheartaithe seo ó na saoránaigh: Housing for All

6.Ábhar an tionscnaimh: Is éard is cuspóir don Tionscnaimh seo ó na Saoránaigh feabhas a chur ar na coinníollacha atá luaite sna creataí dlíthiúla agus airgeadais chun an rochtain ar thithíocht a éascú do gach uile dhuine san Eoraip.

7.Príomhchuspóirí: Iarraimid ar an Aontas Eorpach gníomh a dhéanamh leis an rochtain ar thithíocht a éascú do gach uile dhuine san Eoraip. San áireamh leis sin tá rochtain níos éasca do chách ar thithíocht shóisialta agus ar thithíocht ar phraghas réasúnta; gan critéir Mhaastricht a chur i bhfeidhm ar an infheistíocht phoiblí sa tithíocht shóisialta agus sa tithíocht ar phraghas réasúnta; feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach do lucht forbartha tithíochta neamhbhrabúsaí agus í inbhuanaithe; rialacha sóisialta atá bunaithe ar an iomaíocht don áitreabh a bhíonn ar cíos go gearrthéarmach, agus staitisticí a thiomsú maidir leis na riachtanais tithíochta atá san Eoraip.

8.Ainmneacha agus seoltaí ríomhphoist na ndaoine teagmhála cláraithe: Karin ZAUNER (karin.zauner@housingforall.eu), Santiago MAS DE XAXAS FAUS (PAH@housingforall.eu)

9.Ainmneacha na n-eagraithe cláraithe eile: Lisa WINTER, Pavlos KALOSINATOS, Iva MARČETIĆ, Ana Rita TELES DO PATROCÍNIO SILVA, Jana KIMVALL HAGEL

10.Láithreán gréasáin an tionscnaimh bheartaithe seo ó na saoránaigh *(más ann dó)*: www.housingforall.eu

LE COMHLÁNÚ AG NA SÍNITHEOIRÍ I gCEANNLITREACHA - Mura ndeirtear a mhalairt, tá gach réimse ar an bhfoirm seo éigeantach.

Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam san fhoirm seo ceart agus nár thacaigh mé leis an tionscnamh beartaithe seo ó na saoránaigh cheana féin.

CÉADAINMNEACHA IOMLÁNA	SLOINNTE	ÁIT CHÓNAITHE (sráid, uimhir, cód poist, cathair, tír)	DÁTA BREITHE	NÁISIÚNTACHT	DÁTA AGUS SÍNIÚ[2]
			– –		– –
			– –		– –
			– –		– –

[1] Clófar an fhoirm ar bhileog amháin. Féadfaidh eagraithe bileog dhéthaobhach a úsáid.

[2] Níl an síniú éigeantach má dhéantar an fhoirm a sheoladh isteach go leictreonach ag baint úsáid as córas bailithe ar líne dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2111/2011.

Ráiteas príobháideachais: I gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ní úsáidfear na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú ar an bhfoirm seo ach amháin chun tacú leis an tionscnamh agus cuirfear ar fáil do na húdaráis náisiúnta inniúla iad chun críche fíorú agus deimhniú amháin. Tá tú i dteideal rochtain ar do shonraí pearsanta a iarraidh ar eagraithe an tionscnaimh seo, mar aon leis na sonraí sin a cheartú, a scriosadh agus a bpróiseáil a shrianadh. Déanfaidh na heagraithe do shonraí a stóráil ar feadh 18 mí ar a mhéad, tar éis dháta cláraithe an tionscnaimh bheartaithe ó na saoránaigh, nó mí amháin tar éis an tionscnamh sin a thíolacadh don Choimisiún, cibé acu is túisce. Féadfar iad a choinneáil níos faide ná na teorainneacha ama sin i gcás imeachtaí riaracháin nó dlí, is é sin ar feadh seachtain amháin ar a mhéad tar éis na himeachtaí sin a thabhairt i gcrích. Gan dochar d'aon réiteach riaracháin ná breithiúnach eile, beidh an ceart agat gearán a chur faoi bhráid údarás cosanta sonraí am ar bith, go háirithe sa Bhallstát ina bhfuil gnáthchónaí ort, san ionad oibre nó in áit an tsáraithe a líomhnaítear, má mheasann tú go ndearnadh do shonraí a phróiseáil go neamhdhleathach. Is iad eagraithe an tionscnaimh ó na saoránaigh na rialaitheoirí de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, agus tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil ar an bhfoirm seo. Tá sonraí teagmhála an oifigigh cosanta sonraí (más ann dó) ar fáil ar láithreán gréasáin an tionscnaimh seo i gclár an Choimisiúin Eorpaigh, mar atá ar an bhfoirm seo. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an údaráis náisiúnta a gheobhaidh agus a phróiseálfaidh do shonraí pearsanta agus sonraí teagmhála na n-údarás náisiúnta cosanta sonraí anseo: http://ec.europa.eu/citizens-initiative/public/data-protection?lg=ga.

HOUSING FOR ALL

SÍNIGH TIONSCNAMH SAORÁNACH NA HEORPA

Tithíocht do Chách!

Is ceart an duine í tithíocht agus ní acmhainn í

Is bunchloch saoil shona agus bun comhtháthaithe sóisialta san Eoraip í an tithíocht. Ag an bpointe seo, cuireann reachtaíocht Eorpach srian ar theacht chun cinn tithíocht fhordheonaithe.

Tá tithíocht ró-chostasach

Ardaíonn costais tithíochta níos tapúla ná tuilleamh ioncaim. De réir a chéile, níl an oiread céanna airgid ann le costais mhaireachtála a dhíol. Ní mór do níos mó agus níos mó daoine imeacht ó na cathracha cionn is nach bhfuil sé ar a n-acmhainn costais tithíochta a dhíol agus tá orthu glacadh le turas fada chun na hoibre.

Níl go leor tithíocht inacmhainne ann

Ó bhí an ghéarchéim eacnamaíochta ann, rinneadh infheistíochtaí I dtithíocht inacmhainne agus sóisialta a laghdú faoina leath. Saothraíonn amhantraíocht brabúis arda trí ceantair sna cathracha a dhíol ina n-iomláine. Tá réimsí leathana den phobal nach féidir tithíocht inacmhainne a sholáthar dóibh.

Seasaigí anois ar son tithíochta sóisialta inacmhainne san Eoraip

Iarraimid ar an Aontas Eorpach gníomh a dhéanamh leis an rochtain ar thithíocht a éascú do gach uile dhuine san Eoraip. San áireamh leis sin tá rochtain níos éasca do chách ar thithíocht shóisialta agus ar thithíocht ar phraghas réasúnta; gan critéir Mhaastricht a chur i bhfeidhm ar an infheistíocht phoiblí sa tithíocht shóisialta agus sa tithíocht ar phraghas réasúnta; feabhas ar an rochtain ar mhaoiniú ón Aontas Eorpach do lucht forbartha tithíochta neamhbhrabúsaí agus í inbhuanaithe; rialacha sóisialta atá bunaithe ar an iomaíocht don áitreabh a bhíonn ar cíos go gearrthéarmach, agus staitisticí a thiomsú maidir leis na riachtanais tithíochta atá san Eoraip.

Teastaíonn do vóta uainne!

Cuireann sínithe aon mhilliúin saoránach dualgas ar an gCoimisiún AE gníomhú.

TACAIGÍ LINN AR GACH CAINÉAL

www.housingforall.eu
office@housingforall.eu
fb.com/housingforalleu
@housingforalleu
@housingforall.eu

SEOL, LE DO THOIL:

An Cumann Eorpach um Thithíocht Inacmhainne – Verein für bezahlbares Wohnen in Europa, Althanstrasse 8, 1090 Vienna, AUSTRIA